# An Ciste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta 2026

## Treoir Iarratais

Tá an treoir seo deartha chun cuidiú leat iarratas a dhéanamh ar an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta (HOSF) 2026. Soláthraítear inti leideanna agus samplaí chun cuidiú leat obair d'eagraíochta agus an fáth a bhfuil sí tábhachtach a chur in iúl go soiléir.

**Seimineár Gréasáin Faisnéise d'Iarratasóirí** 5 Nollaig 2025 ag 11.30am



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Clár na nÁbhar


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Cad atá i gceist leis an gciste? | 1 |
| Cad a dtacaíonn an ciste leis | 1 |
| Critéir incháilitheachta | 1 |
| Neamh-incháilithe | 1 |
| Maoiniú uasta atá ar fáil | 1 |
| Conas agus cathain iarratas a dhéanamh | 2 |
| Achoimre ar phríomhdhátaí | 2 |
| Treoir d'iarratasóirí céaduaire | 3 |
| An bhfuil cabhair uait? | 3 |
| Conas a dhéanaimid measúnú ar d'iarratas | 3 |
| Na ceithre phríomhchritéir | 3 |
| Céim 1: Seiceáil tosaigh – scagadh agus incháilitheacht | 4 |
| Céim 2: Athbhreithniú agus scóráil | 4 |
| Céim 3: Measúnú painéil saineolaithe | 4 |
| Tábla achomair scórála agus forléargas ar iarratais | 4 |
| Seicliosta iarratais deiridh | 5 |

| | |
|---|---|
| Aguisín 1: Foirm Iarratais HOSF | 6 |
| Ceisteanna téacs iomláin agus freagraí samplacha | 6 |
| Doiciméid tacaíochta | 13 |
| Samplaí de litreacha tacaíochta | 14 |
| Gluais na bpríomhthéarmaí | 15 |

## Cad atá i gceist leis an gciste?

Soláthraítear maoiniú lárnach ón gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta 2026 d'eagraíochtaí neamhbhrabúis atá ag obair in earnáil oidhreachta na hÉireann. Má bhaineann tábhacht náisiúnta nó réigiúnach le do chuid oibre, tá an ciste seo anseo chun cuidiú leat éirí níos láidre agus tionchar buan a imirt.

## Cad a dtacaíonn an ciste leis

Tríd an gciste seo, tá sé mar aidhm ag an gComhairle Oidhreachta tacú le heagraíochtaí chun:

- **Neart agus cobhsaíocht fhadtéarmach a fhorbairt**
- **Pleanáil don todhchaí agus fás go straitéiseach**
- **Cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a ghlacadh agus cur leis an ngníomhú ar son na haeráide**

Tacaíonn an ciste seo le príomhobair oibríochtúil, ní le tionscadail neamhspleácha. Cuidíonn sé le heagraíochtaí oidhreachta bheith cobhsaí i gcónaí, pleanáil don todhchaí, infheistíocht a dhéanamh i bhfoireann agus i rialachas, agus cur le gníomhú ar son na haeráide agus le leas an phobail. Ba chóir go mbeadh an obair mhaoinithe uile ag teacht le spriocanna na **Comhairle Oidhreachta** in Strategic-Plan-2023-2028.pdf

## Critéir incháilitheachta

Le bheith incháilithe, ní mór do d'eagraíocht:

✔ Bheith ina**Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR)**

✔ **Gan bheith faoi rialú comhlachta phoiblí ná stáit**

✔ **Cosc a chur ar luach saothair stiúrthóirí** ina bhunreacht

✔ Bheith ag oibriú **in dhá limistéir údaráis áitiúil nó níos mó**

✔ Bheith ailínithe **le straitéis náisiúnta amháin ar a laghad,** amhail:

- Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030
- Oidhreacht Éireann 2030
- Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
- Áiteanna do Dhaoine Beartas Náisiúnta maidir le hAiltireacht

## Neamh-incháilithe

✘ Daoine aonair, cuideachtaí príobháideacha, comhlachtaí poiblí, nó eintitis státrialaithe.

## Maoiniú uasta atá ar fáil

Suas le **€50,000** in aghaidh na heagraíochta.

## Conas agus cathain iarratas a dhéanamh

Beidh ort d'iarratas a chur isteach trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta.

**Tabhair do d'aire le do thoil: iarratais ar líne amháin - ní féidir linn glacadh le hiarratais tríd an bpost ná tríd an ríomhphost.**

- **Spriocdháta:** 5:00 PM an **26 Eanáir 2026:** Chun go mbeidh gach rud cothrom do chách, ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná doiciméid a chuirfear isteach i ndiaidh an ama sin.
- **Fógra:** Déanfaimid teagmháil leat i scríbhinn tríd an gcóras deontas ar líne **ag tús mí an Mhárta 2026** chun an toradh a chur in iúl duit.
- **Iarratas amháin in aghaidh na heagraíochta:** Ní ceadmhach do gach eagraíocht **ach iarratas amháin** a chur isteach ar an scéim seo.
- **Deontas amháin in aghaidh na heagraíochta in 2026:** Má éiríonn le d'iarratas, ní ceadmhach do d'eagraíocht maoiniú a fháil faoi **aon scéim deontais eile de chuid na Comhairle Oidhreachta** in 2026.

## Achoimre ar phríomhdhátaí

| Céim | Cad a Tharlaíonn | Dáta |
|---|---|---|
| **Seoladh na Scéime** | Treoir agus foirm iarratais foilsithe | 22 Samhain 2025 |
| **Seimineár Gréasáin Faisnéise** | Clinic comhairle ar líne ina bhfuil leideanna, treoir agus ceisteanna agus freagraí | 5 Nollaig 2025 |
| **Spriocdháta na nIarratas** | An dáta deiridh chun d'iarratas agus do dhoiciméid a chur isteach | 26 Eanáir 2026 ag 5:00 PM |
| **Céim an Mheasúnaithe** | Iarratais athbhreithnithe agus scóráilte | Deireadh Eanáir – Feabhra 2026 |
| **Fógra maidir leis an Toradh** | Cuirfear an cinneadh maidir le maoiniú in iúl duit | Tús Mhárta 2026 |
| **Glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha** | Glacfaidh na hiarratasóirí rathúla leis na téarmaí agus soláthróidh siad sonraí bainc | Márta 2026 |
| **Tús an Phlean Oibre** | Tosaigh ag cur do phlean oibre chun feidhme | Lár mhí an Mhárta 2026 – 31 Márta 2027 |
| **Tuarascáil Nuashonraithe an Deontais** | Cuimsítear inti dearbhú ar imeacht na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta | Iúil 2026 |
| **Tuarascáil um dhul chun cinn** | Tuarascáil eatramhach ar sholáthar an Phlean Oibre | Deireadh Fómhair 2026 |
| **Tuarascáil Deiridh** | Tuarascáil deiridh dlite | 31 Márta 2027 |

**Tábhachtach**: Má éiríonn le d'iarratas, beidh ort gealltanas a thabhairt go mbeidh tú **rannpháirteach leis an bpobal ar bhealach cuimsitheach agus go n-admhóidh tú tacaíocht na Comhairle Oidhreachta**. Áirítear leis sin **imeacht mealltach ar an láthair a phleanáil agus a óstáil le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta, 2026**, in mbeidh daoine ábalta tuilleadh eolais a fháil faoin obair a fuair tú maoiniú ina leith lena déanamh.

## Treoir d'iarratasóirí céaduaire

Más é seo an chéad uair duit iarratas a dhéanamh ar an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta (HOSF) - fáilte romhat! Tá áthas ar an gComhairle Oidhreachta tacú le heagraíochtaí nua, agus ba mhaith linn an próiseas a dhéanamh chomh réidh agus is féidir. Seo cúpla rud ba chóir a choinneáil i gcuimhne:

- **Cad é a bhfuil an ciste faoina choinne:**
  Tá an ciste deartha chun tacú le príomhchostais oibríochtúla d'eagraíochta - rudaí cosúil le soláthar foirne, forchostais, pleanáil agus forbairt fhadtéarmach. Níl sé beartaithe le haghaidh tionscadail aonuaire ná tionscnaimh ghearrthéarmacha.
- **An bhfuil d'eagraíocht réidh?:**
  Ba chóir go mbeadh straitéis shoiléir agat agus go mbeifeá ábalta a thaispeáint conas a chuireann do chuid oibre leis an oidhreacht ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta.
- **Roghanna eile:**
  Má tá d'eagraíocht fós sna céimeanna luatha nó má tá tú dírithe ar thionscadal oidhreachta ar leith, b'fhéidir go mbeadh an Deontas Oidhreachta Pobail níos oiriúnaí. Osclófar an scéim sin ag tús mhí Feabhra 2026.

## An bhfuil cabhair uait?

- Glac páirt sa Seimineár Gréasáin Faisnéise d'Iarratasóirí an 5 Nollaig 2025 ag 11.30am
- Faigh tuilleadh eolais faoi na rialacha ginearálta maidir le maoiniú deontais ón gComhairle Oidhreachta anseo
- Déan teagmháil linn ag: grants@heritagecouncil.ie

## Conas a dhéanaimid measúnú ar d'iarratas

Téann gach iarratas trí roinnt céimeanna lena chinntiú go bhfuil an próiseas cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach.

**Cuimhnigh:** is próiseas iomaíoch é seo, agus ní dhámhfar maoiniú ach do na hiarratais a bhfuil an scór is airde ag dul leo i gceithre phríomhréimse.

## Na ceithre phríomhchritéir

Déanfar d'iarratas a scóráil bunaithe ar an méid seo a leanas:

1. **Ailíniú Straitéiseach**
   Cé chomh maith agus a thacaíonn do chuid oibre le spriocanna Phlean Straitéiseach 2023-2028 agus le tosaíochtaí náisiúnta na Comhairle Oidhreachta.
2. **Cumas agus Rialachas Eagraíochtúil**
   Cumas d'fhoirne an obair a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus inbhuanaithe. Cé chomh láidir agus iontaofa agus atá do struchtúir airgeadais agus rialachais.
3. **Tionchar Oidhreachta, Sóisialta agus na hAeráide agus an Dúlra**
   An difríocht a dhéanann d'eagraíocht i ngníomhaíocht oidhreachta, pobail agus aeráide.
4. **Plean Oibre agus Monatóireacht**
   Cé chomh soiléir agus atá do ghníomhaíochtaí pleanáilte agat agus conas a thomhaisfidh tú rath.

## Céim 1: Seiceáil tosaigh – scagadh agus incháilitheacht

Sula ndéanfar d'iarratas a scóráil, déanaimid seiceáil lena chinntiú go bhfuil gach rud i gceart. Seo a bhfuil á lorg againn:

- Go gcomhlíonann do thogra riachtanais bhunúsacha an chiste
- Go bhfuil struchtúir airgeadais agus rialachais fhónta ag d'eagraíocht
- Gur chuir tú isteach na doiciméid agus an fhaisnéis riachtanacha go léir

**Tábhachtach**: Déantar measúnú ar incháilitheacht ar bhonn **pas/teipe**. Mura gcomhlíonann d'iarratas na critéir go léir ag an gcéim seo, ní rachaidh sé ar aghaidh go dtí an scóráil iomlán.

## Céim 2: Athbhreithniú agus scóráil

Déantar an méid seo a leanas maidir leis na hiarratais incháilithe ansin:

- Scóráilte ag measúnóirí bunaithe ar na critéir fhoilsithe
- Déantar scóir a chaighdeánú chun cothroime agus comhsheasmhacht a chinntiú i measc measúnóirí
- Gearrliosta bunaithe ar na scóir is airde agus an buiséad atá ar fáil

**Tábhachtach:** Le go mbreithneofar iarratais i gcomhair maoinithe, ní mór dóibh **10 marc ar a laghad a scóráil i ngach ceann de na ceithre chuid scóráilte**. Mura bhfaigheann iarratas scór faoi bhun 10 in aon réimse amháin, ní bheidh sé incháilithe le haghaidh maoinithe - fiú má tá an scór foriomlán ard.

## Céim 3: Measúnú painéil saineolaithe

Cuirtear iarratais ar an ngearrliosta ar aghaidh chuig painéal neamhspleách measúnóirí a dhéanann an méid seo a leanas:

- An scóráil a athbhreithniú
- Moltaí maoinithe a thabhairt do Bhord na Comhairle Oidhreachta

**Cuirtear maoiniú ar fáil d'iarratais lena mbaineann an méid seo a leanas:**

- A fhaigheann na scóir is airde
- Atá ailínithe go soiléir le spriocanna agus tosaíochtaí an chiste
- A léiríonn acmhainneacht láidir tionchair agus seachadta rathúil

## Tábla achomair scórála agus forléargas ar iarratais

Léirítear sa tábla seo a leanas conas a dhéanfar d'iarratas a scóráil. Déantar athbhreithniú ar gach cuid bunaithe ar a soiléireacht, a hábharthacht agus mar atá sí ag teacht le spriocanna an chiste. Déantar codanna áirithe a scóráil, agus úsáidtear cuid eile acu chun comhthéacs a sholáthar.

| Cuid | Scór uasta | Cad a lorgaíonn measúnóirí |
|---|---|---|
| **Critéir Incháilitheachta** | Pas/Teip | Cibé an gcomhlíonann d'eagraíocht na ceanglais incháilitheachta go léir |
| **Cuid 1: Forléargas ar an bPlean Oibre** | Ní Scóráiltear é | Sa chuid seo, tugtar an deis duit eolas a thabhairt faoi d'eagraíocht agus na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe a leagan amach. Is é an chéad imprisean d'athbhreithnitheoirí, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh sé soiléir, gonta agus dírithe. |
| **Cuid 2: Ailíniú Straitéiseach** | 25 Marc | Cuidíonn an chuid seo le measúnóirí tuiscint a fháil ar an dóigh a dtacaíonn obair d'eagraíochta le spriocanna straitéiseacha agus tosaíochtaí náisiúnta na Comhairle Oidhreachta. Bain úsáid as samplaí sonracha agus mínigh an bhaint go soiléir. |
| **Cuid 3: Cumas Eagraíochtúil agus Rialachas** | 25 Marc | Cuidíonn an chuid seo le measúnóirí a thuiscint an bhfuil na daoine, na struchtúir agus na comhpháirtíochtaí cearta ag d'eagraíocht chun an obair atá beartaithe a chur i gcrích go rathúil. Breathnaítear inti freisin ar cé chomh maith agus a bhainistíonn d'eagraíocht a cuid airgid, a seasmhacht agus cé acu an bhfuil an buiséad atá beartaithe réalaíoch agus an bhfuil sé ag teacht le do phlean oibre. |
| **Cuid 4: Tionchar Oidhreachta, Sóisialta agus na hAeráide agus an Dúlra** | 25 Marc | Cuidíonn an chuid seo le measúnóirí an difríocht dhearfach a dhéanfaidh plean oibre d'eagraíochta a thuiscint - don oidhreacht, do dhaoine agus don chomhshaol. Bain úsáid as samplaí intomhaiste nuair is féidir. |
| **Cuid 5: Plean Oibre, Monatóireacht agus Measúnú** | 25 Marc | Cuidíonn an chuid seo le measúnóirí tuiscint a fháil ar an dóigh a rianóidh d'eagraíocht dul chun cinn, an dóigh a bhfoghlaimeoidh siad ó sheachadadh agus an dóigh a dtuairisceoidh siad torthaí. Léirítear le freagra láidir go bhfuil tú tiomanta d'fhoghlaim, d'oiriúnú agus do bheith chuntasacht i rith do phlean oibre i gcónaí. |
| **Cuid 6: Eolas tacaíochta** | Ní Scóráiltear é | Teastaíonn na doiciméid sin chun incháilitheacht a dhearbhú agus chun tacú leis an measúnú foriomlán |
| **Scór Iomlán Féideartha** | **100 marc** | **Léiríonn sé neart, soiléireacht agus ullmhacht fhoriomlán an togra.** |

## Seicliosta iarratais deiridh

- ✔ Tá gach cuid comhlánaithe go soiléir
- ✔ Tá an t-ailíniú straitéiseach agus tionchar mínithe
- ✔ Tá na táblaí buiséid agus ioncaim líonta
- ✔ Tá an Plean Oibre agus Monatóireacht líonta
- ✔ Tá na doiciméid tacaíochta ceangailte
- ✔ Beidh sé curtha isteach ar líne roimh an **26 Eanáir 2026 ag 5:00 PM**

# Aguisín 1: Foirm Iarratais FSS

## Ceisteanna téacs iomláin agus freagraí samplacha

Tá na freagraí samplacha seo a leanas ar mhaithe le treoir ghinearálta amháin. Tá siad beartaithe chun an leibhéal mionsonraí agus an cineál faisnéise a d'fhéadfaí a chur in iarratas láidir a léiriú. Ba chóir d'iarratasóirí a bhfreagraí a oiriúnú chun teacht lena n-eagraíocht, cuspóirí agus comhthéacs áitiúil féin Tá na hainmneacha, na suíomhanna agus na sonraí tionscadail uile a úsáidtear anseo léiritheach.

### Cuid 1: Sonraí teagmhála agus forbhreathnú (ní scóráiltear iad)

**Treoir: Clúdach geografach** - Cuir tic leis na contaetha in Éirinn inar soláthrófar plean oibre d'eagraíochta nó ina mbeidh tionchar díreach aige. Cuidíonn sé sin linn raon feidhme do ghníomhaíochtaí a thuiscint.

**Ceist:** An féidir leat cur síos gairid a dhéanamh ar d'eagraíocht agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat a dhéanamh? (300 focal ar a mhéad)

**Freagra samplach:**
"Is eagraíocht neamhbhrabúis náisiúnta í Líonra Oidhreachta Living Roots atá tiomanta d'oidhreacht chultúrtha inbhraite na hÉireann a chaomhnú agus a athbheochan." Oibrímid ar fud sé chontae chun tacú le tionscnaimh faoi stiúir an phobail lena gceiliúrtar ceardaíocht thraidisiúnta, stair béil agus nósanna séasúracha. Díreoidh ár gclár 2026 ar leathnú ár dtionscnaimh "Heritage in Hand", ina gcuimsítear oiliúint i scileanna traidisiúnta, imeachtaí scéalaíochta idirghlúine agus cruthú cartlainne digití. Tá sé beartaithe againn Comhordaitheoir Cláir agus Cartlannaí Digiteach páirtaimseartha a fhostú chun an obair sin a threorú. Is é ár sprioc rannpháirtíocht an phobail san oidhreacht a neartú, comhoibriú réigiúnach a chothú agus cur le cleachtais atá meabhrach ar an aeráid."

✦ **Leideanna:**

- Is é an chéad imprisean d'athbhreithnitheoirí, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh sé soiléir, gonta agus dírithe.
- Déan cur síos ar a ndéanann d'eagraíocht, cé a bhfreastalaíonn sí orthu agus cad is mian leat a bhaint amach.
- Dírigh ar do mhisean, do raon feidhme agus príomhghnéithe do ghníomhaíochtaí atá beartaithe.

### Cuid 2: Ailíniú straitéiseach (25 marc)

**Treoir:** Cuir tic sna colúin ábhartha agus mínigh conas a ailíníonn do chuid oibre le gach ceann acu. Bain úsáid as na samplaí agus an tábla thíos chun treoir a thabhairt do do fhreagra.

☐ Ceannaireacht agus Maoirseacht
☐ Taighde
☐ Pobail
☐ An tAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht
☐ Comhpháirtíocht
☐ Oideachas agus Rannpháirtíocht

**Ceist:** Déan cur síos ar an dóigh a dtacaíonn do chuid oibre leis an gcolún straitéiseach/na colúin straitéiseacha a roghnaíodh. Mínigh an cuidiú a thugann sí ar an leibhéal náisiúnta agus/nó réigiúnach.

✔ **Cad le cur ann:**

- Cuir tic leis na colúin straitéiseacha is fearr a oireann d'obair d'eagraíochta
- Déan cur síos ar an dóigh a dtacaíonn do ghníomhaíochtaí le gach colún
- Luaigh aon straitéisí náisiúnta lena bhfuil do chuid oibre ailínithe (e.g. Oidhreacht Éireann 2030, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide)

## Colúin straitéiseacha – le freagraí samplacha

| Colún | Gníomhaíochtaí Samplacha | Freagra Samplach (Cad atá á Dhéanamh agat, An Fáth a bhfuil sé Tábhachtach, Cad is Mian leat a Bhaint Amach) | Torthaí Ionchasacha | Fianaise ar Thionchar |
|---|---|---|---|---|
| **Ceannaireacht agus Maoirseacht** | Ceardlanna rialachais do ghrúpaí oidhreachta. | "Táimid ag reáchtáil ceardlanna rialachais do ocht ngrúpa oidhreachta sa lár tíre. Tá sé sin tábhachtach mar go gcinntíonn rialachas láidir pleanáil agus comhlíonadh níos fearr, rud a chuidíonn le grúpaí maoiniú a fháil agus tionscadail a choinneáil ag imeacht. Tá sé mar aidhm againn muinín agus athléimneacht fhadtéarmach a chothú." | Rialachas níos láidre, pleanáil fhadtéarmach níos fearr. | Nótaí cruinnithe boird, pleananna maoirseachta. |
| **An tAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht** | Ceardlanna ceardaíochta ag baint úsáid as ábhair inbhuanaithe atá ailínithe leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. | "Lenár gceardlanna ceardaíochta, cuirtear ábhair agus cleachtais inbhuanaithe chun cinn, rud a laghdaíonn dramhaíl agus astaíochtaí. Tacaíonn sé sin leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus spreagann sé pobail chun traidisiúin éiceabhácha a ghlacadh. Tá súil againn go bhfeicimid lorg carbóin níos ísle agus bithéagsúlacht níos flúirsí." | Astaíochtaí níos ísle, bithéagsúlacht níos flúirsí. | Grianghraif, iniúchtaí carbóin, suirbhéanna bithéagsúlachta |
| **Taighde** | Stair béil a chuireann le hOidhreacht Éireann 2030 a bhailiú agus a dhigitiú. | "Táimid ag bailiú agus ag digitiú stair béil ó phobail thuaithe chun cuimhne chultúrtha a chaomhnú." Tá sé sin tábhachtach mar go bhfuil na scéalta sin ag imeacht, agus trína gcur i gcartlann, cuirimid le hOidhreacht Éireann 2030. Is é ár sprioc cartlanna digiteacha inrochtana a chruthú do na glúnta atá le teacht." | Léargas nua, foilseacháin, cartlanna digiteacha. | Tuarascálacha taifeadtaí fuaime, ardáin ar líne. |
| **Comhpháirtíocht** | Comhoibrithe le húdaráis áitiúla agus scoileanna. | "Táimid i gcomhpháirtíocht le sé údarás áitiúla agus 20 scoil chun acmhainní agus saineolas a roinnt." Tá sé sin tábhachtach mar le comhoibriú, leathnaítear clúdach agus neartaítear tionscadail bhithéagsúlachta. Tá sé mar aidhm againn líonra a fhorbairt a thacaíonn le spriocanna oidhreachta agus comhshaoil." | Acmhainní comhroinnte, clúdach pobail níos leithne | Comhaontuithe comhpháirtíochta sínithe |
| **Pobail** | Imeachtaí comhdheartha le grúpaí áitiúla | "Déantar ár n-imeachtaí a chomhdearadh le grúpaí áitiúla chun ábharthacht a chinntiú agus ómós ceantair a chothú." Tá sé sin tábhachtach mar go spreagtar inbhuanaitheacht le húinéireacht phobail. Tá súil againn go méadófar rannpháirtíocht oibrithe deonacha agus go neartófar an fhéiniúlacht áitiúil." | Ómós áitiúil níos mó, rannpháirtíocht oibrithe deonacha mhéadaithe. | Taifid tinrimh, teistiméireachtaí pobail |
| **Oideachas agus Rannpháirtíocht** | Cláir scoile agus cartlann ar líne le haghaidh foghlaim thrasghlúine. | "Soláthraímid oideachas oidhreachta trí chláir scoile agus cartlann ar líne." Tá sé sin tábhachtach mar go dtugann sé dáimh do dhaoine óga lena n-oidhreacht agus go gcothaíonn sé foghlaim thrasghlúine. Tá sé mar aidhm againn feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú i measc gach aoisghrúpa." | Feasacht mhéadaithe, foghlaim thar na glúnta | Foirmeacha aiseolais, anailísíocht láithreán gréasáin |

✦ **Leideanna:**

- Bain úsáid as na samplaí agus an tábla thíos chun treoir a thabhairt do do fhreagra.
- Roghnaigh na colúin straitéiseacha a léiríonn fócas do phlean oibre i ndáiríre.
- I gcás gach ceann acu, mínigh go soiléir conas a thacaíonn do ghníomhaíochtaí leis an réimse sin - cad atá á dhéanamh agat, an fáth a bhfuil sé tábhachtach, agus cad is mian leat a bhaint amach.
- Bí cinnte go luann tú an bhfuil baint ag do chuid oibre le straitéisí náisiúnta amhail Oidhreacht Éireann 2030 nó an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.
- Úsáid teanga shoiléir agus fíorshamplaí chun do thionchar a léiriú.

## Cuid 3: Cumas eagraíochtúil agus rialachas (25 marc)

**Ceist:** Déan cur síos ar chumas d'eagraíochta an plean oibre atá beartaithe a chur i gcrích. Cuir róil foirne agus comhpháirtíochtaí san áireamh. (300 focal ar a mhéad)

✔ **Cad le cur ann:**

- Forléargas soiléir ar **struchtúr na foirne** agus ar thaithí ábhartha
- Sonraí faoi aon **chomhpháirtíochtaí** nó **ceadanna** a thacaíonn leis an obair

**Freagra samplach:** "Tá Comhordaitheoir Cláir (8+ bliain san oideachas oidhreachta), Cartlannaí Digiteach, agus Ceannaire Airgeadais agus Oibríochtaí inár bhfoireann. Tá comhpháirtíochtaí gníomhacha againn le trí údarás áitiúla, dhá ollscoil, agus Líonra Scileanna Traidisiúnta na hÉireann. Tá ceadanna faighte do rochtain ar an láithreán agus óstáil imeachtaí. Tá tionscadail ilchontae curtha i gcrích go rathúil ag ár n-eagraíocht ó 2019 i leith, lena n-áirítear an tsraith staire béil "Voices of the Hearth" a bhfuil duaiseanna buaite aige.

✦ **Leideanna:**

- Tarraing aird ar rath san am atá thart agus a bhfuil foghlamtha ag an eagraíocht uathu
- Taispeáin conas atá an fhoireann réidh agus ullmhaithe chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe a dhéanamh
- Má tá tú ag obair le daoine eile, mínigh conas a thacóidh an caidreamh sin lena mbaint amach.

**Treoir**: Cuir isteach costais ag baint úsáid as an tábla buiséid. Cuir foinsí ioncaim san áireamh.

✔ **Cad le cur ann:**

- Buiséad mionsonraithe lena nasctar na costais go soiléir le gníomhaíochtaí pleanáilte
- Miondealú ar fhoinsí ioncaim, lena n-áirítear aon chómhaoiniú

**Tábla buiséid - le freagraí samplacha**

| Catagóir | Cur Síos Samplach | Costas (€) | An Fáth a Bhfuil sé Tábhachtach |
|---|---|---|---|
| Foireann | Comhordaitheoir Cláir agus Cartlannaí Digiteach | 38,000 | Príomhsholáthar an chláir oidhreachta |
| Forchostais | Cíos, Árachas, Fóntais | 7,000 | Cobhsaíocht oibríochtúil |
| Riarachán | Soláthairtí oifige, bogearraí bainistithe tionscadal | 3,000 | Soláthar éifeachtach |
| Ábhair | Ábhair cheardaíochta inbhuanaithe | 4,000 | Rannpháirtíocht atá meabhrach ar an aeráid |
| Taisteal | Cuairteanna réigiúnacha ar láithreáin le haghaidh ceardlann agus stair béil | 3,000 | Comhordú ilchontae |
| Meastóireacht | Athbhreithniú seachtrach ar thionchar | 2,000 | Cuntasacht agus foghlaim |
| Teagmhas | 5% den iomlán | 2,000 | Solúbthacht le haghaidh costais gan choinne |
| **Caiteachas Iomlán** | | **59,000** | |

**Tábla ioncaim - le freagraí samplacha**

| Foinse | Cur Síos Samplach | Méid (€) | Stádas |
|---|---|---|---|
| Maoiniú Údaráis Áitiúil | Comhairlí Contae an Láir Tíre | 8,000 | Faighte |
| Maoiniú Deontais Eile | Miondeontas Oidhreacht Éireann 2030 | 5,000 | Ar feitheamh |
| Urraíocht/Tiomsú Airgid | Gnólachtaí ceardaíochta réigiúnacha | 2,000 | Faighte |
| Tabhartais Dhaonchairdiúla | Ranníocaíocht deontóra phríobháidigh | 1,500 | Faighte |
| Ioncam Eile (sonraigh) | Táillí ballraíochta | 500 | Faighte |
| **Ioncam Iomlán** | | **17,000** | |

**Méid an deontais a iarradh: €42,000** (Ríofa mar €59,000 – €17,000)

**Ceist:** Cad iad na rialuithe airgeadais agus na struchtúir rialachais atá i bhfeidhm ag d'eagraíocht chun cuntasacht a chinntiú?

✔ **Cad le cur ann:**

- Míniú ar rialuithe airgeadais agus ar an dóigh a gcinntíonn an eagraíocht cuntasacht agus inbhuanaitheacht

**Freagra samplach:** "Déanann fochoiste airgeadais an bhoird maoirseacht airgeadais a bhainistiú. Tagann an fochoiste sin le chéile gach ráithe chun buiséid agus caiteachas a athbhreithniú." Úsáidimid bogearraí cuntasaíochta neálbhunaithe chun ioncam agus speansais a rianú, agus déantar athbhreithniú neamhspleách ar ár gcuntais gach bliain chun trédhearcacht agus cruinneas a chinntiú."

**Ceist:** An ndearna tú aon bhearta chun d'eagraíocht a dhéanamh níos sláine ó thaobh airgeadais de le himeacht ama? Má rinne, déan cur síos orthu le do thoil.

✔ **Cad le cur ann:**

- Cuir aon bhearta a rinneadh chun athléimneacht airgeadais a fhorbairt le himeacht ama san áireamh

**Freagra samplach: "**Tá roinnt céimeanna glactha againn chun ár slándáil airgeadais a neartú le himeacht ama. Thosaíomar ag cur cúlchiste beag le chéile chun cuidiú le costais gan choinne a chlúdach, agus d'oibríomar freisin ar ár n-ioncam a éagsúlú - amhail iarratas a dhéanamh ar chineálacha éagsúla deontas agus ceardlanna íoctha a chur ar fáil. Chuidigh na hathruithe sin linn bheith muiníní as ár n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach."

✦ **Leideanna Ginearálta don chuid seo:**

- Moltar duit cómhaoiniú a chur san áireamh más féidir, toisc go neartaíonn sé sin an togra agus go léiríonn sé tacaíocht níos leithne.
- Bí sonrach faoi **cé** a dhéanann maoirseacht ar chúrsaí airgeadais (e.g. bord, oifigeach airgeadais, iniúchóir seachtrach), **cé chomh minic** agus a dhéantar athbhreithnithe, agus **cad iad na córais** a úsáidtear chun cistí a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Luaigh aon bheartais nó nósanna imeachta lena gcinntítear trédhearcacht agus comhlíonadh.
- Trí bhuiséad réalaíoch, trédhearcach atá dea-ailínithe leis an bplean oibre a choinneáil, is féidir le hiarratasóirí pleanáil láidir agus luach ar airgead a léiriú.

**Conas d'Iarratas ar Dheontas a Ríomh:**

1. **Caiteachas Iomlán**
   Suimigh na costais uile a bhfuiltear ag súil leo i ndáil le do phlean oibre - d'fhéadfadh am foirne, ábhair, taisteal, trealamh agus costais eile a bheith i gceist leis sin.
2. **Foinsí Ioncaim Deimhnithe**
   Liostaigh aon mhaoiniú atá faighte cheana féin nó a bhfuiltear ag súil leis ó fhoinsí eile (deontais eile, urraíochtaí, táillí etc.)
3. **Ríomh an tIarratas ar Dheontas**
   Bain d'ioncam deimhnithe ó do chaiteachas iomlán
   Iarratas ar Dheontas = Caiteachas Iomlán – Ioncam Deimhnithe
4. **Seiceáil an Tairseach €50,000**
   Bí cinnte nach bhfuil d'iarratas ar dheontas níos mó ná €50,000. Má tá, beidh ort
   - Raon feidhme do phlean oibre a laghdú, nó
   - Foinsí maoinithe eile a aimsiú.

## Cuid 4: Tionchar oidhreachta, sóisialta agus na haeráide agus an dúlra (25 marc)

**Ceist:** Conas a sholáthróidh do phlean oibre torthaí intomhaiste oidhreachta, sóisialta agus/nó na haeráide agus an dúlra?

✔ **Cad le cur ann:**

- Torthaí soiléire, intomhaiste i ndáil le oidhreacht, cuimsiú sóisialta, agus na haeráide agus an dúlra
- Straitéisí cuimsithe lena gcinntítear rochtain agus rannpháirtíocht do chách
- Torthaí na hAeráide agus an Dúlra amhail feabhsuithe bithéagsúlachta, éifeachtúlacht acmhainní, nó astaíochtaí laghdaithe

**Freagra samplach:**

**Oidhreacht**
"Reáchtálfaimid 12 cheardlann ceardaíochta traidisiúnta, 2 imeacht oiliúna chun 150 méadar d'fhálta sceach a athchóiriú, agus 80 stair béil a dhigitiú. Leis na gníomhaíochtaí sin, cosnófar cleachtais chultúrtha, feabhsófar an bhithéagsúlacht, agus cruthófar taifead digiteach buan de scéalta pobail. Beidh ról lárnach ag oibrithe deonacha oidhreachta áitiúla, rannpháirtithe tearmainn, agus saineolaithe ceardaíochta ina mbaint amach."

**Cuimsiú Sóisialta**
"Chun rannpháirtíocht leathan a chinntiú, soláthróimid iompar saor in aisce, ábhair ilteangacha agus ionaid inrochtana. Is é 200 rannpháirtí an sprioc atá againn, agus beidh 30% ar a laghad díobh sin ó phobail atá ag lorg tearmainn, agus beidh acmhainní ar fáil i dtrí theanga. Leis an gcur chuige sin, cuirtear cothromas chun cinn agus cothaítear rannpháirtíocht fhiúntach i measc grúpaí éagsúla, lena n-áirítear pobail tuaithe agus scoileanna."

**An tAeráid agus an Dúlra**
"Cothaítear inbhuanaitheacht inár gclár trí chleachtais cheardaíochta a úsáideann ábhair éiceabhácha, ceardlanna bithéagsúlachta agus athchóiriú fálta sceach." Tá sé mar aidhm againn laghdú 25% a dhéanamh ar fhuíollábhar, dhá cheardlann bithéagsúlachta a reáchtáil, agus cur le fás an phobail pailneoirí. Tacóidh oifigigh bhithéagsúlachta agus garraíodóirí pobail leis na tionscnaimh sin, ag cinntiú buntáistí comhshaoil chomh maith le torthaí cultúrtha."

✦ **Leideanna:**

- Bain úsáid as an sampla freagra chun cuidiú le do fhreagra a leagan amach
- Bí sonrach - cuir uimhreacha san áireamh más féidir agus déan cur síos ar an dóigh a gcoinneoidh tú súil ar an dul chun cinn (e.g. "200 rannpháirtí", "laghdú 25% ar astaíochtaí")
- Smaoinigh ar an dóigh a ndéanfaidh do phlean oibre difríocht mhór i gcaomhnú oidhreachta, i gcuimsiú pobail, agus san aeráid agus sa dúlra.
- Bí soiléir faoin dóigh a ndéanfaidh tú na torthaí sin a rianú agus a thuairisciú. Luaigh uirlisí amhail suirbhéanna, logaí tinrimh, nó braiteoirí comhshaoil lena thaispeáint conas a thomhaisfidh tú rath.

## Cuid 5: Plean Oibre, monatóireacht agus measúnú (25 marc)

**Treoir:** Bain úsáid as an Tábla Plean Oibre chun do ghníomhaíochtaí a leagan amach, agus bí cinnte go bhfuil príomhtháscaire feidhmíochta (PTF) comhfhreagrach le gach ceann acu sa Tábla Monatóireachta & Measúnaithe. Má éiríonn le d'iarratas, beidh leaganacha nuashonraithe den dá thábla ag teastáil mar chuid den phróiseas tuairiscithe.

**Tábla plean oibre - le freagraí samplacha**

| Gníomhaíocht | An Colún Straitéiseach | Amlíne | Ról Freagrach | Toradh Ionchasach |
|---|---|---|---|---|
| Ceardlanna ceardaíochta (fíodóireacht ciseán, saoirseacht chloiche) | Pobail agus Oideachas | Márta go Meitheamh 2026 | Comhordaitheoir Cláir | 12 cheardlann curtha ar fáil; 200 rannpháirtí (30% d'iarrthóirí tearmainn); laghdú 25% ar astaíochtaí |
| Bailiúchán staire béil | Taighde | Aibreán go Meán Fómhair 2026 | Cartlannaí Digiteach | 80 stair béil digitithe; cartlann seolta |
| Oiliúint ar rialachas | Ceannaireacht agus Maoirseacht | Bealtaine 2026 | Éascaitheoir Seachtrach | 3 sheisiún rialachais; 8 ngrúpa oidhreachta oilte |
| Athchóiriú fálta sceach | An tAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht | Iúil go Lúnasa 2026 | Conraitheoir Áitiúil | 150m d'fhálta sceach athchóirithe; táscairí bithéagsúlachta feabhsaithe |

**Ceist:** Conas a dhéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn? Cad iad na príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna), na modhanna bailithe sonraí, agus na róil foirne atá i bhfeidhm?

**Tábla monatóireachta agus measúnaithe – le freagraí samplacha**

| KPI | Modh | Ról Freagrach | Minicíocht |
|---|---|---|---|
| Líon na rannpháirtithe ceardlainne (sprioc: 200, lena n-áirítear 30% d'iarrthóirí tearmainn) | Logaí tinrimh; suirbhéanna déimeagrafacha | Comhordaitheoir Cláir | I ndiaidh gach imeachta |
| Stair béil digitithe (sprioc: 80) | Anailísíocht cartlainne; logaí a uaslódáil | Cartlannaí Digiteach | Go míosúil |
| Seisiúin rialachais curtha ar fáil (sprioc: 3) | Tuairiscí seisiúin; foirmeacha aiseolais | Éascaitheoir Seachtrach | I ndiaidh gach seisiúin |
| Fálta sceach athchóirithe (sprioc: 150m) | Grianghraif roimhe/ina dhiaidh; suirbhéanna bithéagsúlachta | Conraitheoir Áitiúil | Lárphointe agus Deireadh |
| Feabhsú bithéagsúlachta (líon pailneoirí) | Braiteoirí comhshaoil; líon speiceas | Oifigeach Bithéagsúlachta | Go ráithiúil |
| Rannpháirtíocht cartlainne (sprioc: 500 cuairt) | Anailísíocht láithreán gréasáin; aiseolas úsáideoirí | Ceannaire Cumarsáide | Go míosúil |

✔ **Cad le cur ann:**

- Príomhtháscairí Feidhmíochta (TFPanna) ag a bhfuil baint shoiléir le do spriocanna agus do ghníomhaíochtaí
- Modhanna chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú (e.g. suirbhéanna, logaí, anailísíocht)
- Róil foirne atá freagrach as monatóireacht agus tuairisciú
- Conas a úsáidfear torthaí chun feabhas a chur ar sholáthar agus chun foghlaim a roinnt
- Cinntigh go bhfuil baint shoiléir ag do phlean Monatóireacht agus Measúnaithe le do Phlean Oibre—ba chóir go mbeadh bealach ag gach gníomhaíocht chun dul chun cinn a rianú agus tionchar a thomhas

✦ **Leideanna:**

- Cinntigh go bhfuil baint shoiléir ag gach PTF le spriocanna agus gníomhaíochtaí d'eagraíochta atá liostaithe i do phlean oibre.
- Bain úsáid as meascán de shonraí cainníochtúla (e.g. uimhreacha, céatadáin) agus léargas cáilíochtúil (e.g. scéalta, teistiméireachtaí).
- Taispeáin conas a dhéanfaidh tú athbhreithniú rialta ar thorthaí agus conas a úsáidfidh tú iad chun do chur chuige a oiriúnú. Sann róil shoiléire ionas go mbeidh sé éasca a fheiceáil cé atá freagrach as rianú agus tuairisciú.

## Cuid 6: Doiciméid tacaíochta (gan scóráil)

| Doiciméad | Cuspóir | Cad le cur ann: |
|---|---|---|
| **1. Bunreacht** | Deimhníonn ann do stádas dlíthiúil mar CTR agus leagtar amach struchtúr rialachais. | Cóip de bhunreacht nó de Mheabhrán agus Airteagail Chomhlachais d'eagraíochta.<br>**Ní mór a shonrú go soiléir go bhfuil cosc ar luach saothair stiúrthóirí.** |
| **2. Cuntais airgeadais is deireanaí** | Léirítear iontu trédhearcacht airgeadais agus cobhsaíocht eagraíochtúil. | Cuntais iniúchta nó athbhreithnithe neamhspleácha don bhliain airgeadais le deireanaí, lena n-áirítear ioncam, caiteachas agus clár comhardaithe.<br>Ba chóir d'**eagraíochtaí nua** nach bhfuil cuntais iniúchta ná deimhnithe acu ráitis airgeadais eatramhacha, ráitis bhainc, ioncam réamh-mheasta agus sonraí faoi fhoinsí maoinithe deimhnithe a sholáthar chun ullmhacht airgeadais a léiriú |
| **3. Plean straitéiseach nó cúlra eagraíochtúil** | Léirítear ann d'fhís fhadtéarmach agus ailíniú le spriocanna straitéiseacha. | Plean straitéiseach reatha (3-5 bliana) nó achoimre ar mhisean, cuspóirí agus príomhghnóthachtálacha d'eagraíochta. |
| **4. Litreacha tacaíochta** | Bailíochtaítear iontu comhpháirtíochtaí agus tacaíocht ón bpobal nó ó pháirtithe leasmhara. | **Dhá litir thacaíochta** ar a laghad, e.g. ó Oifigeach Oidhreachta nó Bithéagsúlachta áitiúil, ó ghrúpaí pobail, nó ó eagraíochtaí comhpháirtíochta ina ndeimhnítear comhoibriú nó tacaíocht. |
| **5. Sainchuntais phoist (má tá tú ag fostú daoine)** | Soiléirítear iontu róil agus freagrachtaí i gcás poist nua nó poist mhaoinithe. | Sainchuntais phoist d'aon róil nua atá maoinithe leis an deontas (e.g., Comhordaitheoir Cláir, Cartlannaí Digiteach). |

✦ **Leideanna:**

- Ba chóir go mbeadh comhaid i bhformáid PDF nó JPEG agus nach mbeadh siad níos mó ná 10MB an ceann.
- Bain úsáid as comhadainmneacha soiléire, tuairisciúla (e.g., “HO_Support_Let_2026.pdf”).
- Seiceáil faoi dhó go bhfuil na doiciméid uile cothrom le dáta agus sínithe más gá.

## Samplaí de Litir Thacaíochta

### Litir 1: Oifigeach Oidhreachta Údaráis Áitiúil

**Comhairle Contae**
Oifigeach Oidhreachta
Dáta: 20 Eanáir 2026

**Don Té lena mBaineann**

Táim ag scríobh chugat chun mo thacaíocht láidir a chur in iúl don iarratas a chuir Líonra Oidhreachta Living Roots isteach ar an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta 2026.

Tá an clár atá beartaithe acu, lena mbaineann ceardlanna ceardaíochta traidisiúnta, digitiú staire béil, agus athchóiriú fálta sceach atá dírithe ar bhithéagsúlacht, dlúth-ailínithe le tosaíochtaí oidhreachta ár gcontae agus le cuspóirí Oidhreacht Éireann 2030 agus Phlean Oidhreachta áitiúil an Chontae.

Tá cumas eisceachtúil léirithe ag Living Roots chun tionscadail oidhreachta chuimsitheacha a imríonn tionchar a chur i gcrích. Lena dtiomantas do pháirt a thabhairt do rannpháirtithe tearmainn agus do phobail tuaithe, cinntítear go mbeidh rochtain ag cách ar an oidhreacht. Leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, neartófar féiniúlacht chultúrtha, cuirfear cleachtais inbhuanaithe chun cinn, agus cothófar ómós pobail ar fud contaetha éagsúla.

Tá an Chomhairle Contae ag tnúth le leanúint lenár gcomhoibriú le Líonra Oidhreachta Living Roots agus tacaíonn sí lena n-iarratas gan aon agó.

**Le dea-mhéin**

[Síniú]

**[Ainm]**

Oifigeach Oidhreachta
Comhairle Contae Ainmnithe

## Litir 2: Grúpa Pobail

**Comhargnhó Oidhreachta Pobail an Láir Tíre**
Dáta: 16 Eanáir 2026

**Don Té lena mBaineann**

Thar ceann Chomharghnó Oidhreachta Pobail an Láir Tíre, tá áthas orm tacú leis an iarratas ar mhaoiniú ó Líonra Oidhreachta Living Roots.

Chuaigh ár ngrúpa i gcomhpháirtíocht le Living Roots ar roinnt tionscnamh, lena n-áirítear tionscadail um stair béil agus ceardlanna ceardaíochta áitiúla. Tá a gcur chuige cuimsitheach, gairmiúil, agus fréamhaithe go domhain i rannpháirtíocht an phobail.

Leis an gclár atá le teacht, soláthrófar deiseanna luachmhara do rannpháirtithe tearmainn agus do chónaitheoirí áitiúla chun scileanna traidisiúnta a fhoghlaim, scéalta a insint, agus cur le hathchóiriú na bithéagsúlachta.

Creidimid go mbeidh tionchar buan ag a gcuid oibre ar chaomhnú na hoidhreachta agus ar chomhtháthú sóisialta inár réigiún. Tacaímid go hiomlán lena n-iarratas agus táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar le chéile chun na torthaí tábhachtacha sin a bhaint amach.

**Le dea-ghuí**

[Síniú]

**[Ainm]**

Cathaoirleach
Comharghnó Oidhreachta Pobail an Láir Tíre

## Gluais na bpríomhthéarmaí

**Critéir um mheasúnú**
An tsraith caighdeán a úsáidtear chun iarratais a mheas. Áirítear leo ailíniú straitéiseach, cumas eagraíochtúil, pleanáil airgeadais, tionchar agus monatóireacht.

**CTR (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**
Cineál struchtúir dhlíthiúil neamhbhrabúis in Éirinn. Ní bhíonn scairshealbhóirí ag CTRanna agus ní mór dóibh cosc a chur ar luach saothair stiúrthóirí.

**An Aeráid agus an dúlra**
Gníomhaíochtaí lena gcosnaítear an comhshaol agus lena bhfreagraítear don athrú aeráide. Is é an sprioc aire a thabhairt do ghnáthóga nádúrtha agus tionchar comhshaoil a laghdú agus an oidhreacht á caomhnú. Seo samplaí díobh sin:

- **Éifeachtúlacht Fuinnimh:** Painéil ghréine a shuiteáil nó athrú go soilsiú LED i bhfoirgnimh oidhreachta chun úsáid fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú.
- **Ábhair inbhuanaithe:** Ábhair éiceabhácha ón gceantar áitiúil a úsáid le haghaidh athchóirithe nó ceardlanna ceardaíochta chun dramhaíl agus astaíochtaí iompair a laghdú.
- **Athchóiriú gnáthóg:** Crainn dhúchasacha a chur, bogaigh a athchóiriú, nó gairdíní a thacaíonn le pailneoirí a chruthú chun tacú leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais níos sláintiúla.
- **Laghdú dramhaíola:** Stáisiúin athchúrsála a thabhairt isteach ag imeachtaí, plaistigh aonúsáide a laghdú, agus dramhaíl orgánach a mhúiríniú chun tionchar an líonta talún a íoslaghdú.
- **Caomhnú uisce** Córais bailithe uisce báistí nó córais íseal-sreafa a shuiteáil ag láithreáin oidhreachta chun ídiú uisce a laghdú.
- **Oideachas ar an aeráid:** Ceardlanna nó taispeántais a reáchtáil ina múintear do phobail faoi ghníomhú ar son na haeráide agus réitigh dhúlrabhunaithe.
- **Iompar glas:** Comhroinnt carranna a spreagadh, racaí rothar a sholáthar, nó feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh taistil a bhaineann le tionscadail chun astaíochtaí a laghdú.

**Cómhaoiniú**
Tacaíocht airgeadais bhreise ó fhoinsí seachas an Chomhairle Oidhreachta, amhail údaráis áitiúla, deontóirí, nó urraíochtaí.

**Critéir incháilitheachta**
Na bunriachtanais a chaithfidh eagraíocht a chomhlíonadh chun iarratas a dhéanamh ar an gciste. Áirítear leo sin stádas dlíthiúil, rialachas, agus raon feidhme geografach.

**Rialachas**
Na córais agus na próisis trína ndéantar eagraíocht a stiúradh agus a rialú. Áirítear le rialachas láidir struchtúir shoiléire chinnteoireachta agus maoirseacht airgeadais.

**Tionchar**
An difríocht intomhaiste a dhéanann tionscadal—ón taobh sóisialta, comhshaoil nó cultúrtha de. Déantar tionchar a mheasúnú trí thorthaí agus fianaise.

**PTF (Príomhtháscaire Feidhmíochta)**
Luach sonrach, intomhaiste lena léiritear cé chomh héifeachtach agus atá tionscadal ag baint a chuid cuspóirí amach.

**Monatóireacht agus measúnú**
An próiseas chun dul chun cinn a rianú agus rath tionscadail a mheas. Cuidíonn sé le heagraíochtaí foghlaim, oiriúnú agus torthaí a thuairisciú.

**Straitéisí náisiúnta**
Pleananna faoi stiúir an rialtais lena dtreoraítear tosaíochtaí beartais agus maoinithe. I measc samplaí tá Oidhreacht Éireann 2030 agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

**Critéir Pas/Teipe**
Seiceálacha incháilitheachta lena gcinntear an féidir le hiarratas dul ar aghaidh chuig scóráil iomlán. Mura gcomhlíontar aon cheanglas, ní bhreithneofar an t-iarratas a thuilleadh.

**Tionchar réigiúnach**
Chun go measfar go bhfuil tionchar réigiúnach ag eagraíochtaí, ní mór dóibh a léiriú go bhfuil siad ag obair in dhá cheantar údaráis áitiúil nó níos mó agus dea-chleachtas a thaispeáint i soláthar na hoidhreachta.

**Cuimsiú sóisialta**
A chinntiú go mbeidh deis ag gach uile dhuine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí, beag beann ar a gcúlra, a gcumas nó a gcúinsí. I gcomhthéacs tionscadail oidhreachta, baineann sé le deiseanna a chruthú do gach uile phobal—lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh bacainní a bheith rompu—chun páirt a ghlacadh, foghlaim agus cion a dhéanamh. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin teagmháil a dhéanamh le grúpaí faoi ghannionadaíocht agus grúpaí mionlaigh, ionaid inrochtana, ábhair ilteangacha, nó iompar saor in aisce a sholáthar ionas go mbeidh rannpháirtíocht oscailte agus cothrom.

**Ailíniú Straitéiseach**
Cé chomh maith agus a thacaíonn do chuid oibre le spriocanna na Comhairle Oidhreachta agus straitéisí oidhreachta náisiúnta.

**Doiciméid tacaíochta**
Ceangaltáin riachtanacha lena mbailíochtaítear incháilitheacht eagraíochta agus lena neartaítear a hiarratas. I measc na samplaí tá bunreachtanna, cuntais airgeadais agus litreacha tacaíochta.

**Plean Oibre**
Achoimre mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí pleanáilte, lena n-áirítear amlínte, róil agus buiséid. Léirítear ann conas a chuirfear an tionscadal i gcrích.



Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

**Teil:** +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

**www.heritagecouncil.ie**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council